# Áras Éanna
## INIS OÍRR



## CLÁR/PROGRAMME 2026

Íomhá clúdaigh: Cormac Coyne

the arts council an chomhairle ealaíon

ealaín

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Údarás na Gaeltachta

# Fáilte ó Stiúrthóir Ealaíne Áras Éanna

LEANANN Áras Éanna orthu ag óstáil ealaíontóirí agus ag reachtáil imeachtaí ar an oileán speisialta seo, Inis Oírr. Fáiltíonn an pobal Gaeltachta anseo roimh ealaíontóirí a chaitheann tréimhse linn ag fáil amach faoin oileán agus ag teacht ar smaointe nua chun ealaín iontach a chruthú. Bíonn méid áirithe cónaitheachtaí á dtairiscint againn gach bliain agus faigheann muid breis is 350 iarratas dóibh seo ó gach cearn den domhan. Reachtálann muid cónaitheachtaí freisin i gcomhpháirt le heagraíochtaí ealaíne, lena n-áirítear ISACS, RHA, Baboró agus oifig ealaíon Chomhairle Contae na Gaillimhe. Is iad na cónaitheachtaí croílár Áras Éanna mar go bhfuil buntáistí iontu don ealaíontóir agus don phobal.

Eagraíonn Áras Éanna imeachtaí do mhuintir na háite agus do chuairteoirí, ag cur Ealaín agus Ealaíontóirí os comhair an phobail inár n-amharclann, gailearaí agus ar fud an oileáin. Toisc cáil Áras Éanna a bheith ag méadú ar fud an domhain, táimid ag pleanáil don todhchaí agus ag obair ar phleananna forbartha as a dtiocfaidh Ionad Ealaíon den scoth chun cinn ar Inis Oírr tá súil againn, a bheidh anseo ar feadh na mblianta do na glúnta amach anseo.

Táimid ríméadach an clár imeachtaí seo a chur ar fáil daoibh agus tá súil againn go mbainfidh sibh taitneamh, sásamh agus pléisiúr as na himeachtaí ealaíne. Arís i mbliana tá meascán iontach amharclannaíochta, ceoil agus amharc-ealaíne againn, leithéidí an seó 'Lisdoonirvana' le **Frankie McCafferty**, 'Johnny Got a Bus Pass' le **Little John Nee** agus ceol den scoth le **Máirtín O'Connor**, **Cathal Hayden** agus **Seamie O'Dowd**, **Marie Somerville** agus **Olan Monk**. Beidh taispeántas againn de shaothar **Ealaíontóirí Thoraí** agus léiriú closamhairc faoin ngeimhreadh ar Inis Oírr leis an ngrianghrafadóir áitiúil, **Cormac Coyne**, agus ag dul leis sin tá fuaimrian leis an sárcheoltóir **Máirtín O'Connor**. Táimid ag súil go mbeidh sibh linn do chuid de na himeachtaí seo chun cuimhní nua a chruthú linn ar an oileán draíochtach seo.

*Le meas,* Dara McGee
Stiúrthóir, Áras Éanna



Dara McGee

ÁRAS ÉANNA continues to host artists and programme events on this special island, Inis Oírr. The Gaeltacht community continue to embrace the artists that come here to spend a very special time exploring the island and finding inspiration to create great art. Our annual Open Call for the artist residency attracts over 350 applications from all over the world each year for a limited number of residencies. We also run residencies in partnership with other Arts organisations including ISACS, RHA, Baboró and Galway County Council Arts office. The residencies are the heartbeat of Áras Éanna that bring benefits to both the artist and the community.

Áras Éanna continues to program events for the community and the visitors, showcasing art and artists in our theatre, gallery and throughout the island. As Áras Éanna's reputation grows to a worldwide audience we are planning for the future and are working on development plans that we hope will see a state-of-the-art Arts centre thriving on Inis Oírr for generations to come.

We are delighted to present this exciting program of events to you that we hope brings joy, delight and artistic pleasure to you. Once again in 2026 we are presenting a very exciting selection of theatre, music and visual art. There is fantastic theatre with **Frankie McCafferty**'s 'Lisdoonirvana' and **Little John Nee**'s 'Johnny's got a bus pass' and an exceptional line up of music including **Máirtín O'Connor**, **Cathal Hayden** and **Seamie O'Dowd**, **Marie Somerville** and **Olan Monk** to name but a few, along with an exhibition of the work of the **Tory Island Artists** and an audio/visual presentation on the winter on Inis Oírr created by Island resident photographer **Cormac Coyne** with the soundtrack by the genius that is **Máirtín O'Connor**. We hope that you can join us at some of these events and create new memories with us on this magical island.

Dara McGee,
Director, Áras Éanna

## Foireann agus Bord Áras Éanna
## *Áras Éanna Team and Board Members*

FOIREANN ÁRAS ÉANNA:
Stiúrthóir/*Director*: Dara McGee
Riarthóir Ealaíon/*Arts Administrator*: Oisín Ó Cualáin
Teicneoir/*Technician*: Emma O'Grady
Oibrí Ginearálta/*General Worker*: Pat Quinn
Oibrí Deonach/*Voluntary Worker*: Celine Seoighe

BORD/BOARD:
James C. Harrold (Cathaoirleach/*Chairperson*)
Úna McDonagh, Darach Ó Tuairisg, Davis Sandefur

**Clár Áras Éanna 2026:**
Eagarthóirí/*Editors*: Dara McGee & Oisín Ó Cualáin
Aistriúchán/*Translation*: Cleas CTR
Grianghrafadóireacht/*Photography*: Cormac Coyne
Dearadh cláir/*Programme design*: Caomhán Ó Scolaí
Clódóireacht/*Printing*: Clódóirí CL

**Míle Buíochas:**
Ba mhaith le hÁras Éanna buíochas a ghabháil lenár maoinitheoirí, ealaíontóirí, comhpháirtithe comhoibríocha Bord Áras Éanna agus muintir Inis Oírr as a dtacaíocht.

*Áras Éanna would like to acknowledge the support of our funders, artists, collaborative partners, Áras Éanna Board and the people of Inis Oírr.*

# Focal ón gCathaoirleach

Tá Áras Éanna thar a bheith sásta clár 2026 a chur i láthair. Mar Ionad Ealaíon Gaeltachta, an t-aon Ionad Ealaíon i gContae na Gaillimhe atá lonnaithe ar oileán — tá ár bhfís agus luachanna á gcur trasna go maith sa mheascán leathan léirithe, taispeántas agus féilte, atá curtha faoi réir ag ár stiúrthóir fuinniúil Dara McGee. Trínár gclár tá ealaín d'ardchaighdeán á chur ar fáil againn do phobal Inis Oírr agus dár n-aíonna agus cuairteoirí.

In éineacht lenár gclár imeachtaí cuireann muid clár cónaitheachta de chineálacha éagsúla ealaíne ar fáil in Áras Éanna, sna stiúideonna, san árasán, thart timpeall san oileán agus ar Inis Meáin. Cuireann na tréimhsí cónaitheachta spás agus suaimhneas ar fáil d'ealaíontóirí, timpeallacht chruthaitheach dá gcuid ealaíne agus deis teacht suas le smaointe nua agus cónaí ar feadh tamaill i dtimpeallacht spreagúil. Tá an-tóir ar ár gcónaitheachtaí, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta — agus d'fhéadfaí na spásanna a bhíonn againn a líonadh an oiread seo babhtaí. Beidh an obair a chruthaítear, a chleachtar, a phéinteáiltear, a chumtar, agus a dheartar anseo le feiceáil ar fud an domhain.

Glacaimid buíochas lenár lucht maoinithe buanseasmhacha, leis an gComhairle Ealaíon, Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Ealaíon na Gaeltachta mar nach bhféadfadh muid tabhairt faoi na rudaí seo gan a gcúnamh. Táimid buíoch freisin do na gnólachtaí agus daoine flaithiúla in Inis Oírr agus níos faide ó bhaile a chuidigh linn lenár gclár agus leis an bhfoirgneamh trí urraíocht, infheistíocht agus dea-mhéin. Is mór againn an lucht féachana a thagann chuig an amharclann, chuig na taispeántais mar aon le pobal tacúil agus cuidiúil Inis Oírr. Beidh foireann chumasach Áras Éanna, Dara McGee agus Oisín Ó Cualáin, le cúnamh na saineolaithe teicniúla Pat Quinn agus Emma O'Grady ag obair ar feadh na bliana in Áras Éanna agus ar fud an oileáin chun an obair chruthaitheach seo san iarthar a threorú agus a choinneáil beo.

An chéad taispeántas riamh a bhí in Áras Éanna ba phictiúir mhóra le Mick Mulcahy iad agus sheas ceann amháin amach, íomhá de naomh gealgháireach leo féin ar charraig san iarthar. Taispeánadh na pictiúir mar pop-up spéisiúil sa seanfhoirgneamh a d'úsáid sé mar stiúideo tríocha sé bliain ó shin. Spreag an ócáid fís nua don mhonarcha, go ndéanfaí ionad ealaíon galánta de, bhí sé ar nós go bhfaca Mulcahy siar san am sin an saothar iontach ealaíne a tharlódh sa fiche cúig bliain ina dhiaidh sin, ag baint úsáid iomlán as an spás, na stiúideonna, gailearaithe agus áit chónaithe, spreagtha agus tacaithe ag Inis Oírr, a thírdhreach, teanga agus pobal. Anois in 2026 tá Áras Éanna fós ag leanacht ar aghaidh ag cruthú agus ag taispeáint ealaín den scoth. Cuirimid fáilte romhat chuig Áras Éanna le bheith páirteach linn sa draíocht a bhaineann le healaín cumasach oileáin, ar imeall na hEorpa.

Áras Éanna is delighted to present its 2026 programme. A Gaeltacht arts centre, uniquely an island arts centre — County Galway's only arts centre — our vision and values are well represented in this compelling array of performances, exhibitions and festivals, curated by our dynamic CEO, Dara McGee. The public-facing programme presents art of the highest standard for the community of Inis Oírr and for our guests and visitors.

The sparkling programme is complemented by its roster of residencies across the artforms, in Áras Éanna, its studios and apartment, and across the island and on Inis Meáin. The residencies offer space and peace, a creative environment to make art and to dream new ideas, to live for a while in an inspirational environment. Our residencies are vastly popular, nationally and internationally — every place could be filled several times over. Work made here, rehearsed, painted, composed, choreographed, designed will be seen all over the world.



James C. Harrold

We thank our steadfast funders, the Arts Council, Galway County Council and Ealaíon na Gaeltachta, without whom this would not be possible. We thank too the generous businesses and individuals on Inis Oírr and further afield who have assisted the programme and the building, with sponsorship, investment and support in kind. We are grateful to the audiences who have visited our theatre, the public who have delighted in our galleries, the supportive and constructive Inis Oírr community. The exceptional Áras Éanna team of Dara McGee and Oisín Ó Cualáin, ably facilitated by technical gurus Pat Quinn and Emma O'Grady will be on duty throughout the year as stewards and shepherds of the western imagination in the arts centre and throughout Inis Oírr.

A saint enraptured and solitary on a western rock was the dominant image in the first ever exhibition here in Áras Éanna. Mick Mulcahy's massive paintings were shown as a compelling 'pop-up' in the almost-forgotten building which had become his studio thirty-six years ago. The event prompted a reimagining of the monarchan, transformed into this glorious arts centre where Mulcahy's prophecies anticipated the mighty work of our artists over two and a half creative decades in making full use of the space, studios, galleries and residence, inspired and supported by Inis Oírr, its landscape, language and community.  In 2026 Áras Éanna continues the creation and presentation of remarkable art. We welcome you to Áras Éanna, to join with us in the magic of great island art on the furthest outpost of Europe.


# Lisdoon-Nirvana

**A one-man dramatic monologue by Frankie McCafferty • *Monalóg drámata aonair le Frankie McCafferty***

**DÉARDAOIN 16 IÚIL 8.30i.n.** **THURSDAY 16 JULY 8.30p.m.**

Sa bhliain 1983 a bhí an fhéile cheoil dheiridh i Lios Dúin Bhearna agus ar stáitse bhí Rory Gallagher, Christy Moore, Stockton's Wing, De Danann, Van Morrison, Moving Hearts agus tuilleadh. Ar fhaitíos nach raibh tú ann, nó go raibh tú ansin ach gur chaill tú amach air mar go raibh "rudaí eile" le déanamh agat tugann monalóg impriseanaíoch Frankie McCafferty léiriú breá air. Ar na príomhcharachtair tá an déagóir neamhurchóideach Macker agus a chomrádaithe as Dún na nGall, duine acu a bhí ag maíomh go mbeadh sé ina réalta rac-cheoil. Rinne roinnt cailíní as Tuaisceart Éireann an turas freisin agus súil ann go mbeadh coiscíní acusan tharla cosc a bheith fós orthu sa deisceart a bhí faoi chois an Chaitliceachais.

Tá ardmholadh ag dul do McCafferty as a ghrinneas súl agus as muid a thabhairt ar ais siar chuig an bhféile trí phíosa amharclannaíochta greannmhar, siamsúil agus oideachasúil.





## RELIVING THE LAST LISDOONVARNA MUSIC FESTIVAL

The last music festival at Lisdoonvarna took place in 1983 with a line-up that included Rory Gallagher, Christy Moore, Stockton's Wing, Dé Danann, Van Morrison and Moving Hearts. In case you didn't get there, or got there and missed it because there were "other things" to do, Frankie McCafferty's impressionistic monologue offers a fine re-enactment of the adventure. The central characters were the relatively innocent teenager Macker and his mates from Donegal, including one self-identifying as a future rock star. Also along for the ride, as it were, came some lasses from Northern Ireland who were expected to bring the condoms that were still banned in the Catholic-oppressed south.

So, much kudos to McCafferty and his powers of observation for taking us back there with a piece of theatre that was funny, entertaining and educational.

—*Jackie Hayden*

Ticéid/tickets: €30/€25



# Johnnys got a bus pass

**DÉARDAOIN 20 LÚNASA 8.30i.n.** **THURSDAY 20 AUGUST 8.30p.m.**

In Iarthar na hÉireann atá Little John Nee ag cur faoi, scríbhneoir, taibheoir agus ceoltóir a bhfuil gradaim bronnta air. Tá a stíl féin aige den scéalaíocht cheolamharclannaíochta, atá greannmhar agus brónach ag an am céanna, agus aitheantas idirnáisiúnta bainte amach aige dá bharr.



Is cruthaitheoir bisiúil oibre é don amharclannaíocht agus toghadh mar bhall d'Aosdána é mar aitheantas ar an méid atá déanta aige ar son chultúr na hÉireann.

Áras Éanna are delighted to welcome Little John Nee's wonderful new show *Johnnys got a bus pass*. John has been presenting and performing his brilliant unique style theatre shows for many years here at Áras Éanna and it's always a treat when he brings a new production to the island.

Little John Nee is an award-winning writer, performer and musician based in the west of Ireland. He has developed a unique style of musical storytelling theatre, simultaneously hilarious and heart-breaking, that has won him international recognition. A prolific creator of work for theatre, he was elected to Aosdána in recognition of his contribution to Irish culture.

# Trá Pháidín

**DÉ SATHAIRN 28 MÁRTA 8.30i.n.** **SATURDAY 28 MARCH 8.30p.m.**



Áit éicint leathbhealach idir *showband*, banna céilí agus *elastic band* a gheobhaidh tú Trá Pháidín. Is iomaí cur síos atá luaite leis an mbanna: ó snagcheol go ceol traidisiúnta go ceol cosmach.

Tá dhá EP agus 3 albam eisithe ag Trá Pháidín go dtí seo. Ina measc tá *An 424*, albam bunaithe ar thuras shíce-gheografaíochta an bus 424 a théann ó Charna go Bhearna tríd Ghaeltacht Chonamara isteach go dtí cathair na Gaillimhe.

Is léargas é an t-albam den cumasc idir "phearsantachtaí" an bhus, tionchar tírdreacht an R336 agus an aigne solúbtha den Ghaeltacht 's Ghalltacht, uilig cáite isteach le samhlaíocht sláim ceoltóirí ó culraí difriúil.

Tá Albam na Bliana Gradam Nós 2023 bainte amach ag *An 424* agus é á chasadh chomh fada siar le Nua Eabhrac agus soir leis an tSeapáin, le léirmheasanna fláthúla ar fud na cruinne.

Trá Pháidín exist somewhere between a showband, a céilí band and an elastic band. Their sound has inspired all kinds of descriptions, from "jazz with traditional music" to "cosmic" — but none of these do their sound justice. The group has released two EPs and three albums, including *An 424*, a record inspired by a psychogeographical journey on the 424 bus route, which travels from Carna to Barna through the Connemara Gaeltacht and on into Galway City.

*An 424* is a richly idiosyncratic work, shaped by the bus's shifting "personalities," the landscape of the R336, and the fluid mental and cultural terrain between Gaeltacht and Galltacht. The result is an imaginative and deeply distinctive album, brought to life by musicians from a range of different backgrounds.

Winner of the Nós Album of the Year Award 2023, *An 424* has found its way onto turntables as far west as New York and as far east as Japan, earning widespread acclaim along the way.

*Ticéid saor in aisce, síntiús molta.*

# Ger O'Donnell

**DÉ DOMHNAIGH 24 BEALTAINE 8.30i.n.** **SUNDAY 24 MAY 8.30p.m.**

Tá Ger ar dhuine de na hamhránaithe tíre agus de na hiluirliseoirí is fearr in Éirinn. Le blianta beaga anuas, tá cáil mhór bainte amach aige ar an saol ceoil tíre, le roinnt amhrán a bhain barr na gcairteacha amach in Éirinn, le leanúint mhór ar na meáin shóisialta, agus le go leor camchuairteanna idirnáisiúnta. Is giotáraí iomráiteach é, seinnteoir dordveidhle dúbailte, agus ceoltóir a sheinneann neart uirlisí eile atá ait agus iontach araon.

Is é Ger amhránaí reatha Bhanna Céilí Chill Fhionnúrach. Ina theannta sin, oibríonn sé mar innealtóir taifeadta agus mar cheoltóir le go leor ealaíontóirí eile ar nós Sharon Shannon, Seán Keane agus Moncrieff.

*Ticéid: €25/€20*



Ger is one of Ireland's finest folk singers and multi-instrumentalists. He has exploded on to the folk scene in recent years with several number one hits at home, social media virality and many international tours. He is a renowned guitarist, double bassist and player of many other weird and wonderful instruments.

He is the current singer with the Kilfenora Céilí Band, as well as recording engineer/musician for many artists like Sharon Shannon, Sean Keane and Moncrieff. We look forward to welcoming familiar faces and new visitors to the centre on the night, to celebrate the start of an exciting season ahead.

*Tickets: €25/€20*

# Clare Sands

**DÉARDAOIN 4 MEITHEAMH 8.30i.n.** **THURSDAY 4 JUNE 8.30p.m.**

Is as Corcaigh do Clare, fidléir den tséú glúin agus amhránaí dátheangach. Tarraingíonn sí ar cheol a sinsear, agus fíonn sí fréamhacha traidisiúnta Gaelacha le fuaimeanna agus tionchair chomhaimseartha. Tá a cuid amhrán nasctha le háit, ag tabhairt béaloideas, teanga agus gníomhaíochas le chéile sa cheol. Tá cáil uirthi as a fuinneamh bríomhar agus spreagúil — tá spiorad neamheaglach ar nós gaiscíoch aici, a spreagann agus a aontaíonn lucht éisteachta timpeall an domhain.

Ag dul lena saothair nuálacha ceoil tá léirithe beo spleodracha — tugann sí a lucht éisteachta ar aistear iontach lán le dóchas, amhránaíocht, ceiliúradh agus croí.

Beidh albam nua á eisiúint aici i bhfómhar 2026, rud a léiríonn nach bhfuil aon chuimhneamh aici moilliú anuas. Is cruthúnas í ar chumhacht buan an cheoil maidir le daoine a aontú agus a spreagadh, trúbadóir don lá atá inniu ann, a théann i bhfeidhm ar ghlúnta agus ar chultúir éagsúla.

Clare Sands is a sixth generation fiddle player and bilingual singer from Cork, Ireland. Drawing deeply from the music of her ancestors, she weaves traditional Irish roots with contemporary sounds and influences. Her songs are deeply connected to place, and where folklore, language, and activism meet melody. Known for her raw and infectious energy, she embodies a fearless warrior-like spirit that inspires and unites audiences around the world.

Her innovative musical creations are matched by electrifying live performances — Clare brings her audiences on an exhilarating journey full of hope, singing, celebration, and heart.

With a new album being released in autumn 2026, Clare is showing no signs of slowing down. She stands as a testament to the enduring power of music to unite and inspire — a troubadour for the modern age, whose melodies resonate across generations and cultures alike.

*Ticéid/tickets: €25/€20*



# Maria Somerville & Olan Monk

**DÉ hAOINE 19 MEITHEAMH 8.30i.n.** **FRIDAY 19 JUNE 8.30p.m.**

Bhí an ceoltóir Éireannach, Maria Somerville, imithe as a háit dúchais i gConamara le fada an lá faoin am ar thosaigh sí ag scríobh *Luster*, a céad albam don lipéad 4AD.

D'fhás sí suas faoin tuath i dtírdhreach fiáin sléibhtiúil chósta thiar na Gaillimhe agus bhog sí ina dhiaidh sin go Baile Átha Cliath, áit ar thóg sí a ham ag forbairt stíl ceoil atmaisféarach dream pop a bhí spreagtha ag tírdhreach a hóige — domhan fuaime draíochtúil leictreonaice, strumáil aerga giotáir, cnagadh éadlúth, agus liricí íseal ceoil.

Is iar-ealaíontóir cónaithe ag Áras Éanna í Marie.



Cáit Fahy

By the time Maria Somerville started writing *Luster*, her landmark label debut for 4AD, she had lived away from her native Connemara for quite some time.

Having grown up amongst the wild, mountainous terrain of Galway's rural west coast, she later relocated to Dublin, where she patiently developed an atmospheric dream pop signature inspired by the landscape of her youth — a spellbinding soundworld of gusting ambient electronics, ethereal guitar strums, sparse percussion, and hushed lyrical vignettes.

Maria is a former artist in residence at Áras Éanna.

Ceoltóir, taibheoir agus scríbhneoir as Conamara is ea Olan Monk. Cumadh an t-albam *Songs for Nothing* tar éis dó filleadh ar chósta thiar na hÉireann. Tarraingíonn an t-albam ar amhránaíocht shean-nóis agus liriciúlacht fhaoistiniúil Shinéad O'Connor, ag meascadh traidisiún Éireannach le rac gotach trialach. Trí uigeacht éagsúil *shoegaze*, *cloudrap* agus foinn mhalla músclaíonn an t-albam tírdhreach Chonamara mar aon le mothú domhain áite.

Is iar-ealaíontóir cónaithe ag Áras Éanna é Olan.

Charlie Joe Doherty



Olan Monk is a musician, performer, and writer from Conamara, Ireland. Their second album, *Songs for Nothing*, is out now on AD 93.

Written after Monk's return to Ireland's west coast, the record draws from sean-nós singing and Sinéad O'Connor's confessional lyricism, blending Irish tradition with experimental gothic art rock. Through shifting textures of shoegaze, cloud rap, and slow airs, the album evokes Conamara's rugged landscape and a deep sense of place.

Olan is a former artist in residence at Áras Éanna.

*Ticéid/tickets: €30/€25*




# Máirtín O'Connor, Cathal Hayden & Seamie O'Dowd

**AOINE 26 MEITHEAMH 8.30i.n.**

Ó na gcéad uair ar stáitse do Thríréad Mháirtín O'Connor ag tús na 2000idí tá camchuairt tugtha acu ar fud an domhain agus dhá thaifeadadh déanta acu, *Crossroads* agus *Going Places* a fuair moladh mór ó léirmheastóirí.

Chaith Máirtín O'Connor tréimhse an-tioncharach le De Danann, Midnight Well, Skylark, agus tá sé ar dhuine de na ceoltóirí is fearr a bhí in Éirinn riamh.

Tá Craobh Uile-Éireann bainte amach ag Cathal Hayden ar an bhfidil agus ar an mbainseó. agus is ball bunaidh den sárghrúpa Four Men and a Dog é.

Tá clú agus cáil bainte amach ag an t-il-ionstraimí Seamie O'Dowd mar dhuine de na ceoltóirí is fearr in Éirinn. Bhí sé ar chamchuairt domhanda ar feadh sé bliana le Dervish, agus d'oibrigh sé freisin mar léiritheoir agus mar cheoltóir seisiún ar roinnt taifeadtaí a thuill ardmholadh ó léirmheastóirí.

**FRIDAY 26 JUNE 8.30p.m.**

Since The Máirtín O'Connor Trio's first performance in Sligo in the early 2000s, they've toured worldwide as well as making two critically acclaimed recordings, *Crossroads* and *Going Places*.

Máirtín O'Connor's own musical history encompasses an influential spell with Dé Danann, Midnight Well, Skylark, and is one of the finest all-round musicians that Ireland has ever produced.

Cathal Hayden is an All-Ireland champion on fiddle as well as banjo, an enduring and much cited inspiration for emerging traditional musicians and a founder member of super group Four Men and a Dog.

Multi-instrumentalist Seamie O'Dowd has a solid reputation as one of Ireland's finest musicians. He toured the world for six years with Sligo group Dervish, and has worked as a producer and session musician on a number of critically acclaimed recordings.

*Ticéid/tickets: €30/€25*

# Síomha



Zé Bateira

**DÉ SATHAIRN 11 IÚIL 8.30i.n.**
**SATURDAY 11 JULY 8.30p.m.**

Is amhránaí agus giotáraí í Síomha a bhogann go réidh idir ceol tíre, snagcheol agus *neo-soul*. Tugann sí an lucht éisteachta ar aistear dodhearmadta lena foinn anamúla. Tá tionchar a cúlra ceoil, a cuid taistil agus a cíoradh ar an gceol le cloisteáil sa gceol a chruthaíonn sí. Bródúil as a hoidhreacht Éireannach, canann Síomha amhráin i nGaeilge agus i mBéarla.

*Ticéid €30/25*

Independent Irish singer and guitarist Síomha (pronounced She-vah) dances the line between folk, jazz and neo-soul effortlessly taking audiences on an unexpected and unforgettable journey with her soulful melodies. The influences of her musical background, her travels and her musical explorations are audible in the music she creates. Always proud of her Irish heritage, she performs her songs in English and Irish.

*Tickets €30/25*



# Colm Seoighe agus na hEasóga

**DÉ DOMHNAIGH 2 LÚNASA 8.30i.n.** **SUNDAY 2 AUGUST 8.30p.m.**

Lonnaithe i nGaillimh, tá Na hEasógaí ag cruthú fuaim úr-nua idir fonn, focail agus íomhá ó bunaíodh iad i Scoil Chuimsitheach Chiaráin i 2022. Meascann na hEasógaí rac-cheoil, ceol Gaelach agus ceol an domhain mhóir i dteannta a dteanga dúchais: an Ghaeilge. Baintear leas as uirlisí ar nós na piobaí uillin agus an giotar leictreach chun an fhuaim éagsúil seo a bhaint amach. Tá an grúpa faoi stiúir ag Colm Seoighe, scríbhneoir agus amhránaí as Ros an Mhíl agus is iad Fionn Ó Cualáin, Daragh Jennings, agus Muiris Ó Clochartaigh (i measc comhoibritheoirí eile) baill na hEasógaí.

Since they were founded in Scoil Chuimsitheach Chiaráin in 2022, Galway's Na hEasógaí have been creating totally original music between sound, lyrics and image. Na hEasógaí fuse styles such as rock, Irish traditional and world music with their native and first language: Irish/Gaelic. Instruments such as the piobaí uillin and the electric guitar are used to achieve this unique sound. Colm Seoighe, a writer and singer from Ros an Mhíl, is at the helm of the band while Fionn Ó Cualáin, Daragh Jennings, and Muiris Ó Clochartaigh (along with other collaborators) make up na hEasógaí.

*Ticéid/tickets: €15*

# Ushmush & Súil Amháin

**DÉ hAOINE 4 MEÁN FÓMHAIR 8.30i.n.** **FRIDAY 4 SEPTEMBER 8.30p.m.**

Cumadóir ceoil agus amhránaí is ea Ushmush (AKA Ennis Town Adi, AKA Buachaillín Dembó, AKA Ól Man) a mheascann tionchair an cheoil club le liricí a chantar i meascán de Ghaeilge agus Béarla. Reggaeltón a thugann sé féin ar an stíl hibrideach seo. Tá cleachtadh maith aige a bheith ag obair mar MC i gclubanna in Éirinn, bíonn sé le cloisteáil ar na meáin phríomhshrutha agus bhí sé freisin ar RTÉ, TG4 agus BBC Gaeilge. Le deireanas chan sé ar an albam cáiliúil Old Earth a bhí ag Rory Sweeney in 2025 in éindí le Roo Honeychild. Bíonn sé ar chamchuairt timpeall na tíre seo agus i Sasana le 'Súil Amháin' agus oibríonn sé leis an amhránaí clúiteach pop Lewis Doyle Singer. Is ball é den sárghrúpa Hip Hop Éireannach Machine Gun Céilí agus den tríréad rapcheoil D'Burglary. Tá Ushmush agus Súil Amháin tar éis fuinneamh a seónna beo a athrú ó bhonn le chéile. I bpáirt a chéile, tugann siad leo rud nach féidir a chur síos air, Big Spailpín Energy.

Is rapálaí agus file as Ciarraí é Súil Amháin. Tháinig sé chun cinn ar dtús mar gheall ar a shaothar filíochta (Séamus Barra Ó Súilleabháin), agus bhuaigh sé slam filíochta na hÉireann in 2011. Ó 2020 i leith, is le huirlisí beo hip-hop amháin a bhíonn sé ag seinm. Bhuaigh céad albam Súil Amháin, athPhORT (2024), a léirigh Bantum, Gradam Nós d'Albam Gaeilge na Bliana. Is minic a tharraingíonn sé ar thobar domhain amhránaíochta agus scéalaíochta, agus teanga thraidisiúnta á lúbadh agus á hathshuíomh aige i sruthanna mealltacha corrchlaonta, ar thírdhreach fuaime de 808anna agus samplaí cartlainne doiléire.
*Ticéid €15*

Inis and Inis Oírr MC and producer Ushmush and Listowel rapper Súil Amháin have performed at Beyond The Pale, Féile na Bealtaine, Dorn San Aer and Féile na Gealaí. Ushmush recently featured on the acclaimed producer Rory Sweeney's debut album, and he also produces for Lewis Doyle Singer. With years of experience in the music scene in the southwest, and a playful 'dúchas' fostered by his Aran Island roots and absorption in Caribbean music, Ushmush and Súil Amháin have together transformed the energy of their live shows. Together they bring what can only be described, respectfully, as Big Spailpín Energy.

Súil Amháin is a rapper and poet from Kerry. Initially recognized for his poetry output (Séamus Barra Ó Súilleabháin), winning the All-Ireland poetry slam in 2011. Since 2020, he performs solely with live hip hop instrumentals. Súil Amháin's debut album athPhORT (2024), produced by Bantum, won the Gradam Nós Irish language Album of the Year. Often drawing from a deep well of song and storytelling, traditional language is subverted and realigned in charismatic off-kilter flows delivered on a landscape of 808s and obscure archival samples.
*Tickets €15*



Grianghraf: CLARE LOUGHRAN




# Ár gcairde as Tuaim agus leaid as Longfort

**DÉ SATHAIRN 19 MEÁN FÓMHAIR 8.30i.n.**

Tá áthas orainn a chur in iúl go mbeidh ceathrar de mhórchumadóirí amhrán Thuama linn in Áras Éanna i mbliana d'oíche amhránaíochta agus ceoil — **Padraic Stevens**, **Seamus Ruttledge**, **Noelie McDonnell** agus **Leo Moran** in éineacht le scríbhneoir amhrán Inis Oírr, an fear cáiliúil as Longfort, **Pat Quinn**. Eatarthu bhí an ceathrar as Tuaim ag seinm leis na Sawdoctors, The Stunning, Na Waterboys, Dé Dannan, Cabin Collective agus Blaze X. Tá cáil ar Pat Quinn i bhfad agus i ngar as a chuid liricí greannmhara agus an bealach bríomhar a gcanann sé iad, ceann acu taifeadta agus á chanadh go rialta ag Christy Moore. Ócáid iontach a bheas anseo, agus muid ag fáiltiú roimh ár gcairde as Tuaim in éineacht le Pat Quinn a chónaíonn anseo, agus iad á dtabhairt ar aistear iontach lena réimse breá amhrán.


*Ticéid €30/25*



Padraic Stevens



Leo Moran




Pat Quinn

# Our friends from Tuam and a lad from Longford

**SATURDAY 19 SEPTEMBER 8.30p.m.**

Áras Éanna are delighted to present four of Tuam's heavy-hitting songwriters, **Padraic Stevens, Seamus Ruttledge**, **Noelie McDonnell** and **Leo Moran** along with Inis Oírr's own musical wordsmith, the legendary Longford man, **Pat Quinn** for a night of song and music. Between the four Tuam lads they have played with The Sawdoctors, The Stunning, Waterboys, Dé Dannan, the Cabin Collective and Blaze X. Pat Quinn is known far and wide for his genius satirical lyrics and his lively delivery of his songs, one of which is recorded and regularly played by Christy Moore. This will be a great occasion as we welcome our friends from Tuam on the Áras Éanna stage with Inis Oírr resident Pat Quinn as they bring us on a musical journey with their amazing catalogue of song.

*Tickets: €30/€25*


# Sirens

**DÉ hAOINE 4 MEÁN FÓMHAIR 8.30i.n.** **FRIDAY 4 SEPTEMBER 8.30p.m.**

Is seó ón bhféile Sounds from a Safe Harbour (SFSH) é *Sirens*, comóradh ar cheol, ceangal agus comhoibriú — guthanna ag teacht le chéile i gcomhbhá, i gcomhcheol agus léiriú comhroinnte. Curtha i láthair ag Lisa Hannigan, le cóirithe córúla le Theodora Byrne atá á gcanadh aici féin agus an triúr atá léi. Tugann an ócáid grúpa ban le chéile lena n-áirítear Amanda Bergman, Kate Stables, Angie McMahon agus Anna Mieke.

Cruthaíodh *Sirens* le linn cónaitheacht ealaíne ag SFSH 25, agus dírítear ann ar chumhacht agus athshondas guthanna ban. Fite le chéile ann tá bunphíosaí agus saothair athshamhlaithe ó mhná a scríobhann amhráin, rud a chruthaíonn nóiméid dlúthchaidrimh, láidreachta agus comhfhuinnimh. Trí ghuthanna srathaithe agus cóirithe machnamhacha, scrúdaíonn an seó téamaí a bhaineann le dlúthpháirtíocht, scéalaíocht agus malartú ealaíne.

Ní díreach ceolchoirm atá i gceist le *Sirens* ach teacht le chéile, cuireadh chun éisteachta, chun machnamh a dhéanamh agus páirt a ghlacadh i nóiméad ceoil chomhroinnte atá múnlaithe ag comhobair agus pobal.




Sounds from a Safe Harbour (SFSH) presents *Sirens*, a celebration of music, connection and collaboration — a space where voices intertwine in support, harmony and shared expression. Hosted by Lisa Hannigan, with choral arrangements by Theodora Byrne and performed alongside her trio, the event brings together a collective of female artists including Amanda Bergman, Kate Stables, Angie McMahon and Anna Mieke.

Created during the artistic residency at SFSH25, *Sirens* centres on the power and resonance of women's voices. The performance weaves together original compositions and reimagined works by female songwriters, offering moments of intimacy, strength and collective energy. Through layered vocals and thoughtful arrangements, the show explores themes of solidarity, storytelling and artistic exchange.

*Sirens* is not just a concert, but a gathering; an invitation to listen, reflect and be part of a shared musical moment shaped by collaboration and community.

*Ticéid/tickets: €40/€30*



# The Boss Baby i nGaeilge

**DÉ CÉADAOIN 12 LÚNASA 7i.n.** **WEDNESDAY 12 AUGUST 7p.m.**

Tá áthas ar Pleanáil Teanga Inis Oírr a fhógairt go mbeidh muid ag cur an scannán *The Boss Baby* ar fáil i nGaeilge i dteannta Áras Éanna agus Access Cinema. Tá súil againn gur tús é seo le clár scannán Gaeilge a bhéas ar fáil sna míonna amach romhainn. Má tá suim againn sna scannáin Gaeilge, déan cinnte go mbeidh tú linn.


Pleanáil Teanga Inis Oírr is delighted to announce that, in partnership with Áras Éanna and Access Cinema, we will be screening The Boss Baby in Irish.

We hope this marks the beginning of a regular Irish-language film programme in the months ahead. If you'd like to support Irish-language cinema, be sure to join us.



# Lá Scannán

**DÉ DOMHNAIGH 14 MEITHEAMH** — **SUNDAY 14 JUNE**





**ANAM** *Gearrscannán beochana, 2025, 4.5 nóim. Éire*
*Stiúrthóirí: Ailbhe Fearon & Muireann Mulvihill*
*Scríbhneoirí: Seán Breathnach, Ailbhe Fearon & Muireann Mulvihill*

Agus Fionn ag fanacht go foighneach leis an gcríoch atá i ndán dó, cuireann guth neamhurchóideach as dá shuaimhneas agus tugann ar ais siar go dtí an tús é.

**THE SONG CYCLE** *2025. 85 nóim. Éire. 12A (Béarla).*
*Stiúrthóir: Nick Kelly*

**Buaiteoir — An Scannán Neamhspleách is Fearr — Fleadh Scannán na Gaillimhe 2024**
I 2022 bheartaigh an ceoltóir agus scannánaí Nick Kelly agus a chara Sean Millar turas a dhéanamh as Éirinn go féile Glastonbury — Nick ag rothaíocht an bealach ar fad as Baile Átha Cliath, agus Sean ag úsáid iompar poiblí. Sa gclár faisnéise seo déantar comóradh ar inbhuanaitheacht ina bhealaí éagsúla — comhshaoil, cultúrtha agus pearsanta.

**TRAD** *2025. 90 nóim. Éire. 15A. Béarla & Gaeilge*
*Stiúrthóir: Lance Daly*

**Buaiteoir — Gradam an Lucht Féachana, Fleadh Scannán na Gaillimhe, 2025**
Fidléir óg cumasach is ea Shóna atá míshásta de bharr a máthair a bheith ag iarraidh uirthi cloí le traidisiúin cheoil agus taibhithe na hÉireann. Nuair a bhuaileann sí le grúpa ceoltóirí fáin fágann sí an baile agus téann ar aistear féinmhachnaimh, grá agus follasú ceoil.

4.00i.n. ANAM (gearr)
4.05i.n. THE SONG CYCLE
5.30i.n. Ceisteanna & Freagraí leis an Scríbhneoir/Stiúrthóir Nick Kelly
5.50i.n. Briseadh
8.00i.n. ANAM
8.05i.n. TRAD
9.35i.n. Ceisteanna & Freagraí leis an Léiritheoir/Stiúrthóir Lance Daly
10.00i.n. Ceol agus Craic @ Tigh Ruairí
Ticéid: €12 an scannán (€10 praghas lacáiste)
€20 don dá scannán (€15 praghas lacáiste)

**ANAM** *Animated short, 2025, 4.5 mins. Ireland*
*Directors: Ailbhe Fearon & Muireann Mulvihill*
*Writers: Seán Breathnach, Ailbhe Fearon & Muireann Mulvihill*

As Fionn patiently awaits his inevitable end on a lonely island, an innocent voice disrupts his peace and leads him back to the beginning.

**THE SONG CYCLE** *2025. 85mins. Ireland. 12A. English language. Director: Nick Kelly*

**Winner— Best Independent Film — Galway Film Fleadh 2024**
In 2022, musician and filmmaker Nick Kelly and his friend and 'Dogs' collaborator Sean Millar decided to make the trip from Ireland to the Glastonbury Festival — Nick cycling the whole way from Dublin, while Sean was on public transport. Nick's documentary about the journey proves a celebration of sustainability in its many forms — environmental, cultural and personal.

**TRAD** *2025. 90 mins. Ireland. 15A. English and Irish language. Director: Lance Daly*

**Winner — Audience Award, Galway Film Fleadh, 2025**
Shóna is a talented young fiddle player who has grown frustrated with her mother's insistence on adhering to the traditions of Irish music and performance. When she meets a group of free-spirited nomadic musicians, she joins their troupe and sets off on a journey of self-reflection, romance and musical discovery.

4.00pm ANAM (short)
4.05pm THE SONG CYCLE
5.30pm Q&A: Writer/Director Nick Kelly
5.50pm Break
8.00pm ANAM
8.05pm TRAD
9.35pm Q&A: Producer/Director Lance Daly
10pm Ceol and Craic @ Tigh Ruairí
Tickets: €12 per film (€10 concession)
€20 for both films (€15 concession)

GFS GALWAY FILM SOCIETY

access CINEMA

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Ceol/Music | **Trá Pháidín** | 28/03/2026 | Áras Éanna | 8.30pm |
| Ceol/Music | **Ger O'Donnell** | 24/05/2026 | Áras Éanna | 8.30pm |
| Ceol/Music | **Clare Sands** | 04/06/2026 | Áras Éanna | 8.30pm |
| Scannán/Film | **Lá Scannán** | 14/06/2026 | Áras Éanna | óna 4pm |
| Ceol/Music | **Maria Somerville + Olan Monk** | 19/06/2026 | Áras Éanna | 8.30pm |
| Ceol/Music | **Máirtín O'Connor, Cathal Hayden & Seamie O'Dowd** | 26/06/2026 | Áras Éanna | 8.30pm |
| Ceol/Music | **Síomha** | 11/07/2026 | Áras Éanna | 8.30pm |
| Amharclann/Theatre | **Frankie McCafferty** | 16/07/2026 | Áras Éanna | 8.30pm |
| Ceol/Music | **Colm Seoighe + na hEasógaí** | 02/08/2026 | Áras Éanna | 8.30pm |
| Scannán/Film | **Boss Baby** i nGaeilge | 12/08/2026 | Áras Éanna | 8.30pm |
| Amharclann/Theatre | **Little John Nee** | 20/08/2026 | Áras Éanna | 8.30pm |
| Ceol/Music | **Ushmush + Súil Amháin** | 04/09/2026 | Áras Éanna | 8.30pm |
| Ceol/Music | **Padraic Stevens, Seamus Ruttledge, Noelie McDonnell, Leo Moran & Pat Quinn** | 19/09/2026 | Áras Éanna | 8.30pm |
| Ceol/Music | **Sirens** | 24/09/2026 | Áras Éanna | 8.30pm |



# Féilte/Festivals

| | |
|---|---|
| **Féile an Phobal** | 10/04/2026 – 12/04/2026 |
| **Craiceann** | 29/07/2026 – 03/07/2026 |
| **Tíonól Lámhcleasaíochta** | 28/08/2026 – 30/08/2026 |
| **Oíche Chultúir** | 18/09/2026 |
| **Féile Chartún na Gaillimhe** | 1/10/2026 – 7/10/2026 |

# Taispeántais/Exhibitions

Gailearaí oscailte Máirt–Satharn 11r.n.- 4i.n. Dúnta ar an Domhnach agus ar an Luan.
*Gallery open Tuesday–Saturday 11am-4pm. Closed Sundays and Mondays.*

| | |
|---|---|
| **Pictiúir Daite d'Árainn Ársa** | 07/05/2026 – 30/08/2026 |
| **Péintéirí Thoraí/Tory Island Painters** | 05/07/2026 – 30/09/2026 |
| **An tOileán Ciúin** | 05/07/2026 – 30/09/2026 |



# An tOileán Ciúin

**5 LÚNASA – 30 MEÁN FÓMHAIR**

**Scannán gearr le Cormac Coyne**
**An ceol cumtha agus á sheinm ag Máirtín O'Connor**

Is grianghrafadóir agus físghrafadóir é Cormac Coyne atá ina chónaí in Inis Oírr le fada agus tá an-suim aige gach cuid de shaol an oileáin a thaifeadadh. Choimisiúnaigh Áras Éanna é chun scannán gearr a dhéanamh a thabharfadh léiriú ar shaol níos ciúine an oileáin taobh amuigh den séasúr turasóireachta. I mí Mheán Fómhair 2025 chaith an boscadóir iomráiteach Máirtín O'Connor tréimhse míosa ar an oileán mar ealaíontóir cónaithe, bhuail sé féin agus Cormac le chéile agus is mar sin a thosaigh an bheirt ealaíontóirí iontacha seo ag obair ar an saothar seo. Is gearrscannán álainn é a léiríonn áilleacht an oileáin bheo seo, Inis Oírr, le fuaimeanna bríomhara phíosaí ceoil Mháirtín ar an gcairdín ag dul leis.

Oscailt: Dé Domhnaigh, 5 Iúil, 2i.n., Áras Éanna

Ar lúb gach 30 nóiméad
Ionad: An Dánlann, Áras Éanna

**5 AUGUST – 30 SEPTEMBER**

**A short film by Cormac Coyne**
**Music composed and performed by Máirtín O'Connor**

As a longtime resident on Inis Oírr the photographer and videographer Cormac Coyne has a passion for documenting the island life of Inis Oírr in all its forms. Áras Éanna commissioned Cormac to make a short film documenting the the quieter side of island life outside of the tourist season. In September 2025, the renowned accordian player Máirtín O Connor spent a month on the island as an artist in residence, the planets aligned and there began these two wonderful artists working together on this project. This has resulted in this beautiful short work that showcases the beauty of the living island that is Inis Oírr with the evocative sounds of Máirtín's brilliant accordian compositions.

Opening: Sunday, 5 July, 2p.m., Áras Éanna

On loop every 30 mins
Venue: An Dánlánn, Áras Éanna





NÓIRÍN NÍ MHIANÁIN

# Péintéirí Thoraí

**5 IÚIL - 30 MEÁN FÓMHAIR** **5 JULY - 30 SEPTEMBER**

**Oscailt: Dé Domhnaigh, 5 Iúil, 2i.n., Áras Éanna**

Tá oileán álainn Thoraí suite 11km amach ó chósta thiar thuaidh Cho. Dhún na nGall. Tá scoil phéintéireachta Thoraí lonnaithe ar an oileán Gaeltachta seo.

Théadh an t-ealaíontóir cáiliúil Derek Hill (1916-2000) ar cuairt chuig an oileán go minic sna 1950idí agus d'oibríodh sé as stiúideo beag botháin, (bothán comharthaí loingseoireachta de chuid Lloyds i Londain a bhí ann tráth) ag péinteáil pictiúr de na tírdhreacha fiáine agus portráidí de na hoileánaigh. Uair amháin agus é amuigh ag péinteáil tháinig an t-oileánach James Dixon trasna air agus é i mbun oibre. D'fhiafraigh Derek de céard a cheap sé dá chuid péintéireachta agus d'fhreagair James go simplí 'Cheapfainn go bhféadfainn féin é a dhéanamh níos fearr'... bhain sé sin gáire as Derek agus ina dhiaidh sin d'fhan cairdeas buan eatarthu. Ghríosaigh Derek James le tabhairt faoin bpéintéireacht agus bhíodh sé ag seoladh ábhar chuige ó am go ham ach ní bhacfadh sé leis na scuaba mar go mbíodh James ag iarraidh a chuid scuab féin a dhéanamh as eireaball a asail. Sin é an chaoi ar thosaigh scoil phéintéireachta Thoraí amach.

Trína gcuid péintéireachta rinne na healaíontóirí seo taifead uathúil de shaol an oileáin. I measc na ndaoine a bhí páirteach sa scoil phéintéireachta a bunaíodh bhí Patsaí Dan Mac Ruaidhrí (Rí Thoraí), Ruairí Rodgers, John Dixon agus James Rodgers agus ón dara glúin an fear fíorchumasach Anton Meenan. Tá Áras Éanna ríméadach an taispeántas seo a chur i láthair, saothar le glúin nua ealaíontóirí atá ag coinneáil oidhreacht phéintéirí Thoraí beo, gluaiseacht a d'eascair as casadh le chéile Derek Hill agus James Dixon trí sheans sna 1950idí.

# Tory Island Painters

**Opening: Sunday, 5 July, 13:00, Áras Éanna**

The rugged scenic Tory Island is an island situated 11km of the North-West coast of Co. Donegal. The Gaeltacht (Irish speaking) island is steeped in history and mythology and is the home to the Tory school of painters.

The renowned English artist Derek Hill (b.1916- d.2000) became a frequent visitor to the island in the 1950's where he worked from a small hut studio (formally a Lloyds of London shipping signal hut) painting the wild landscapes and portraits of the islanders.

On one such occasion while out painting an islander by the name of James Dixon came upon him while he worked. Derek asked him what he thought of his painting and James simply answered 'I think I could do better myself'... this amused Derek and it sparked a lasting friendship between them. Derek encouraged James to paint and would send him materials from time to time but not brushes as James preferred to make his own brushes from his donkeys tail. This was the beginning of the Tory school of painters.

These artists through their painting captured a unique record of island life. The school of painters that developed included Patsy Dan Rodgers (King of Tory), Ruairí Rodgers, John Dixon and James Rodgers with a second generation including the very talented Anton Meenan. Áras Éanna is delighted to present this exhibition, showcasing a new generation of artists who continue the legacy of the Tory Island painters,  a movement born from the chance encounter between Derek Hill and James Dixon in the 1950s.

# Pictiúir daite d'Árann Ársa
# *Old Aran in Colour*


**BEALTAINE – DEIREADH FÓMHAIR** **MAY – OCTOBER**

Bhí an oiread suim ag cuairteoirí sa taispeántas seo anuraidh agus an bhliain roimhe go bhfuil áthas orainn é a bheith os comhair an phobail arís i mbliana. Taispeántas amuigh faoin aer de sheangriangraif daite den trí oileán a bheidh le feiceáil i gclós Áras Éanna, bunaithe ar an leabhar *Old Ireland in Colour* le John Breslin agus Sarah-Anne Buckley ó Ollscoil na Gaillimhe.

Suíomh: clós Áras Éanna

After the success of this exhibition over the last two summers we are delighted to show this wonderful colourised photographic exhibition of old photos of the Aran islands in the Comhlacht Forbartha Inis Meáin courtyard. Based on the book *Old Ireland in Colour* by Galway University academics John Breslin and Sarah-Anne Buckley.

Location: outside Áras Éanna



# Oíche Chultúir

**DÉ hAOINE 18 MEÁN FÓMHAIR** **FRIDAY 18 SEPTEMBER**

Is ócáid náisiúnta í Oíche Chultúir ina gcuireann Ionaid Ealaíon agus Cultúrtha imeachtaí cultúrtha, ceoil, ealaíne agus teanga ar fáil saor in aisce. Is oíche í ina mbíonn deis ag daoine fáil amach faoin Ionad Ealaíon, casadh le healaíontóirí agus aithne a chur ar fhoireann Áras Éanna. Beidh Áras Éanna ag oscailt na ndoirse ag 6.30i.n. don Oíche Chultúir. Coinnigh súil ar shuíomh Áras Éanna, www.aras-eanna.ie mar go mbeidh an clár imeachtaí le feiceáil ansin ag tráth níos déanaí.

Culture Night is a national event hosted by Arts and Cultural Institutions where they open their doors to the public for cultural, musical and artistic events, all free of charge. It is always a great occasion where the public get to explore the Arts Centre, meet artists and get to know the team at Áras Éanna. Áras Éanna will open its doors at 6.30pm on Culture night. Keep an eye on our website aras-eanna.ie where a programme of events will be published at a later date.




Cormac Coyne




# Craiceann — *bodhrán summer school*

**29 MEITHEAMH – 3 IÚIL** **29 JUNE – 3 JULY**

Beidh Craiceann, scoil samhraidh bliantúil na mbodhrán, ar siúl i mbliana ón Luan 29 Meitheamh - Aoine 3 Iúil. Ag an scoil samhraidh cuirfidh roinnt de na seinnteoirí agus múinteoirí is fearr sa domhan sraith ranganna ar fáil, agus beidh ceardlanna speisialta, a bhaineann leis an uirlis féin agus le ceol traidisiúnta na hÉireann go ginearálta, ar fáil freisin. Beidh dhá cheolchoirm ar siúl, an chéad cheann le The Oars agus Sweep Down to the Sea.

Craiceann, the annual Bodhran Summer School will return this year between Monday 29 June and Friday 3 July. The summer school is arranged around a series of classes given by some of the world's best bodhran players and teachers, but also includes special workshops relating to the instrument itself, and traditional Irish music in general. Two concerts will take place, the first will feature The Oars, the second concert features Sweep Down to the Sea.

# Tionól Lámhchleasaíochta
# *Juggling Convention*

**28-30 IÚIL** **28-30 JULY**

Is deireadh seachtaine lámhchleasaíocht, ceardlanna, cluichí agus seó trí Ghaeilge é Tionól Lámhchleasaíochta Inis Oírr. Cuirtear fáilte roimh lucht ceirde, lucht amatéarach, agus daoine ar mhaith leo triail a bhaint as ag úsáid a gcuid Gaeilge. Beidh ceardlanna do thosaitheoirí ann Dé hAoine agus Dé Sathairn, agus cluichí do chách Dé Domhnaigh.

Inis Oírr Juggling Convention is a weekend of juggling, workshops, games, and a show in Irish. Attendees are encouraged to use their cúpla focal while practising their juggling. Seasoned professionals, enthusiasts, amateurs, and those looking to give juggling a go are encouraged to attend. There will be beginners' workshops Friday and Saturday, and games for all on Sunday.



# Féile Chartún na Gaillimhe

**DEIREADH FÓMHAIR** **OCTOBER**

Is é *Tarraing É i nGaeilge* an mhír Ghaeilge d'Fhéile Chartún na Gaillimhe, ceiliúradh idirnáisiúnta na hÉireann ar chartúnú preasa. Thosaigh sé amach in 2019 mar an t-aon taispeántas bliantúil cartún in Éirinn a cruthaíodh i nGaeilge. Ó shin tá *Tarraing* méadaithe mar fhéile bheag ann féin, idir seisiúin líníochta i dteach tábhairne agus lasmuigh, ceardlanna cartún scoile, agus cónaitheacht ealaíontóra míosa.

Ar an bpríomhimeacht beidh seoladh dhá thaispeántas: de na cartúin is déanaí i nGaeilge, agus de shaothar an ealaíontóra cónaithe atá againn i mbliana, Brady Izquierdo Rodriguez as Cúba. Beidh sé seo ar siúl in Áras Éanna ó 6.30in go 8.30in, agus ina dhiaidh sin beidh seisiún líníochta i dTigh Ned. Fáilte roimh chách.

Beidh na ceardlanna scoile ar siúl ar an Luan 5ú Deireadh Fómhair.








*Tarraing É i nGaeilge* is the Irish-language segment of the Galway Cartoon Festival, Ireland's international celebration of press cartooning.

Beginning in 2019 as Ireland's only annual exhibition of cartoons created in the Irish language, *Tarraing* has since expanded into a small festival in its own right, comprising pub and outdoor drawing sessions, school cartoon workshops, and a month-long artist residency.

The main event will be the launch of two exhibitions: of the latest cartoons created in Irish, and of work by our resident artist who this year will be Brady Izquierdo Rodriguez from Cuba. This will take place in Áras Éanna and will be followed by a drawing session in Tigh Ned. All are welcome. The school workshops will take place on Monday October 5th.

Áras Éanna

IONAD EALAÍNE, INIS OÍRR

# TAPAIGH DO DHEIS

## le 5 oíche dhraíochtach do cheathrar ar Inis Oírr, a bhuachan.

### AN CHÉAD DUAIS: CÚIG OÍCHE FÉINFHREASTAIL DO CHEATHRAR AR INIS OÍRR

ón Mháirt 1 Meán Fómhair go dtí an Domhnach 6 Meán Fómhair 2026.

+ **Ticéad fillte x4** as Ros an Mhíl go hInis Oírr
+ **Dearbhán €100** do Shiopa XL, Inis Oírr
+ **Dearbhán €100** do Aran Seaweed Baths & Spa
+ **Dinnéar x4** i dTigh Ruairí
+ **Dinnéar x4** in Óstán Inis Oírr
+ **Lón x4** i dTigh Ned
+ **Lón (nó picnic) x4** ag Teach an Tae
+ **Sceitseáil Peann Luaidhe/Ghualaigh** le Dara McGee
+ **Turas Capall agus Cairt** go dtí an Plassey



### AN DARA DUAIS: Pictiúr den 'Plassey' le Philip Jacobsen

Tá an pictiúr iontach seo a rinne Philip den Plassey péinteáilte ar phíosaí smionagair miotail ón bPlassey féin. Bhí taispeántas iontach ag Philip i nGailearaí Áras Éanna in 2023 inar úsáid sé na píosaí smionagair miotail mar chanbháis. Is fiú €800 an duais seo.

**Duaiseanna iontacha le buachan agus tú ag tacú leis an Ionad Ealaíon áitiúil!**

# WIN

## a magical five night stay for four people on Inis Oírr.

### FIRST PRIZE: FIVE NIGHTS SELF-CATERING FOR 4 IN A HOUSE ON INIS OÍRR

from Tuesday 1st September – Sunday 6th September 2026.

+ **Return ferry for 4** from Rosaveel to Inis Oírr
+ **€100 Voucher** for Siopa XL, Inis Oírr
+ **€100 Voucher** for Aran Seaweed Baths & Spa
+ **Dinner for 4** at Tigh Ruairí
+ **Dinner for 4** at Óstán Inis Oírr
+ **Lunch for 4** at Tigh Ned
+ **Lunch (or picnic) for 4** at Teach an Tae
+ **Pencil/Charcoal sketching** with Dara McGee
+ **Horse and trap** to the Plassey

### SECOND PRIZE: An Original 'Plassey' painting by Philip Jacobsen

This wonderful painting depicting the Plassey by Philip is painted on actual metal sheet debris from the Plassey shipwreck. In 2023 Philip had a very successful exhibition at Áras Éanna's Gallery which used the debris metal as his canvases.

This prize is valued at €800.

**This is a wonderful opportunity to win these amazing prizes while supporting the local Arts Centre!**



# Clár Ealaíontóirí Cónaithe Áras Éanna

## Ealaíontóirí a dtugtar cuireadh dóibh

Gach bliain roghnaíonn Áras Éanna beirt ealaíontóirí dá gclár cónaitheachta, bunaithe ar thionchar a saothar ar an ealaín in Éirinn.

## Invited Artists

Every year Áras Éanna selects two artists on invited residencies whose work has made an indelible impact on art in Ireland.



**Dolores Lyne**

Is amharc-ealaíontóir í Dolores Lyne atá lonnaithe in iarthar na hÉireann. Ina saothar tugann sí tírdhreach, cuimhne, seandálaíocht agus stair le chéile trí chleachtas péintéireachta bunaithe ar dhianthaighde. Is as Cill Airne, Contae Chiarraí di ó thús ach tar éis di cur fúithi i nGaillimh d'athraigh a fócas ealaíne siar i dtreo Chonamara, na hoileáin amach ón gcósta ansin, agus rian na ndaoine atá lonnaithe sna háiteanna sin.

Baineann a saothar ach go háirithe le tírdhreach chósta Chonamara, na hoileáin amach ó Inis Bó Finne, láithreáin ón gCré-Umhaois agus láithreáin deasghnácha in áiteanna ar nós An Rátha agus Uachtar Ard. Idir an phéintéireacht agus cineálacha ábhartha meáin mheasctha scrúdaíonn sí an talamh mar choimeádán do shaol an duine agus an dúlra, ag nascadh taithí comhaimseartha, staire agus seandálaíochta.

Bhí taispeántais ag Lyne i go leor áiteanna, ag áireamh i nGailearaí Ealaíne Russell, áit ar thaispeáin sí Westland in 2007 agus SOLID BURREN in 2016. I measc a tionscnamh le déanaí tá *To the Letter* (2023), mórthaispeántas bunaithe ar litreacha a seanuncail, an Ginearál Liam Ó Loingsigh, inar rianaigh sí ábhar a chomhfhreagras trí shraith móroibreacha go dtí an áit ar scríobhadh iad.

Mhúnlaigh an bhaint a bhí aici le Tionscnamh Inis Laighean a cleachtas freisin, tréimhse a chaith sí mar ealaíontóir leabaithe ag tochailtí seandálaíochta amach ó Inis Bó Finne.

Tá a saothar le feiceáil i roinnt bailiúchán poiblí agus institiúideach, lena n-áirítear bailiúcháin a bhaineann le hOifig na nOibreacha Poiblí, Comhairle Ealaíon na hÉireann, Banc na hÉireann agus Ollscoil na Gaillimhe.

**Dolores Lyne**

Dolores Lyne is an Irish visual artist based in the west of Ireland whose work brings together landscape, memory, archaeology, and history through a deeply researched painting practice. Originally from Killarney, County Kerry, and later based in Galway, Lyne's artistic focus shifted westward toward Connemara, its offshore islands, and the traces of human presence embedded in those places.

Her work is especially associated with the coastal landscapes of Connemara, the islands off Inishbofin, and Bronze Age and ritual sites in places such as Raha and Oughterard. Across painting and related mixed-media approaches, she explores land as a container for human and natural life, linking contemporary experience with older historical and archaeological layers.

Lyne has exhibited widely, including at the Russell Gallery, where she showed in Westland in 2007 and SOLID BURREN in 2016. More recent projects include *To the Letter* (2023), a major exhibition developed from the letters of her granduncle General Liam Lynch, tracing the content of his correspondence through a series of large-scale works back to where they were written.

Her practice has also been shaped by her involvement with the Inishlyon Project, where she spent time as an embedded artist on archaeological digs off Inishbofin.

Lyne's work is represented in a number of public and institutional collections, including holdings associated with the OPW, the Arts Council of Ireland, Bank of Ireland, and University of Galway.

**Little John Nee**

Is scríbhneoir, taibheoir, scéalaí agus ceoltóir é Little John Nee a shníonn idir an amharclannaíocht, an ceol, an fhilíocht, an chleasaíocht agus an monalóg liriciúil. Lonnaithe in iarthar na hÉireann dó, tá breis agus daichead bliain caite aige ag cruthú amharclannaíocht scéalaíochta cheolmhar.

I nGlaschú a saolaíodh é agus is i Leitir Ceanainn a tógadh é. Chuir sé tús lena shaol taibhithe i mbannaí punc sular fhorbair sé cleachtas a chuimsigh taibhléiriú sráide, amharclannaíocht, raidió, ceol agus beo-ealaín. Tar éis dó filleadh ar Éirinn go luath sna 1980idí, bhí sé mar chuid de ghlúin d'ealaíontóirí neamhspleácha a d'athraigh tírdhreach na taibhléirithe. Bhog sé go Gaillimh i 1986 áit a d'oibrigh sé le Macnas.

Tá corpas saothair aitheanta cruthaithe aige ina aonar agus i gcomhar le daoine eile, ina measc *The Derry Boat, Limavady My Heart's Delight*, *Dead Rooster Blues*, *Radio Rosario*, agus le gairid *Nettle Horse* agus *The Art of Gentle Punk*. Tá a chuid drámaí agus taibhithe coimisiúnaithe ag eagraíochtaí ar nós Fhéile Ealaíon an Earagail, Axis Bhaile Munna, Comhairlí Contae Dhún na nGall agus Liatroma, agus Féile Ealaíon na Gaillimhe.

In 2016, toghadh mar bhall d'Aosdána é, mar aitheantas ar an gcion den scoth atá déanta aige do na healaíona cruthaitheacha in Éirinn.

**Little John Nee**

Little John Nee is an Irish writer, performer, storyteller, and musician whose work moves fluidly between theatre, song, poetry, clown, and lyrical monologue. Based in the west of Ireland, he has spent more than four decades creating a distinctive form of musical storytelling theatre.

Born in Glasgow and raised partly in Letterkenny, Nee began performing in punk bands before developing a wider practice across street performance, theatre, radio, music, and live art. After returning to Ireland in the early 1980s, he became part of a generation of independent makers who reshaped the performance landscape, later moving to Galway in 1986 and performing for many years with Macnas.

Over the years he has created an acclaimed body of solo and collaborative work, including *The Derry Boat*, *Limavady My Heart's Delight*, *Dead Rooster Blues*, *Radio Rosario*, and more recently *Nettle Horse* and *The Art of Gentle Punk*. His plays and performances have been commissioned by organisations including Earagail Arts Festival, Axis Ballymun, Donegal County Council, Leitrim County Council, and Galway Arts Festival.

In 2016 he was elected to Aosdána, in recognition of his outstanding contribution to the creative arts in Ireland.



# TESTIMONIALS — TEISTIMÉIREACHTAÍ

## Philip Fogarty

"Before the arrival of mass media, there used to be much less of a difference between the so-called performer and the audience. I think it's good if you can create work which can make that connection happen."

Fogarty's work deploy's live and recorded audio and visual materials alongside live-generated music, sound and imagery. Visitors' movements and sounds are taken up and responded to sonically and visually through the use of motion and audio sensing, and visitors find themselves immersed in and participating in the work.

"I like that this sort of form can be approached on any level, by anybody, regardless of age or cultural references. You can make what you want of it — it could be for reflection, or for an exploration of sound and visual processes, or just having a bit of fun."

"I had such a wonderful stay. I felt like royalty. Dara and Aisling were so helpful and supportive. Anything I needed, they were there."

"Roimh ré na meán cumarsáide, ní bhíodh difríocht chomh mór sin idir na hoirfidigh agus an lucht éisteachta. Is maith an rud é dar liom más féidir liom saothar a chruthú a bhfuil ar a chumas aige an nasc sin a thógáil."

I cur chuige an Fógartach baintear leas as fuaim is fís réamhthaifeadta taobh le ceol is íomhánna beoghinte, agus bunaítear iompar an spáis ar ghluaiseachtaí is ar fhuaimeanna na ndaoine féin, a bhuíochas ar bhraiteoirí speisialta. Ar an mbealach seo bíonn an duine tumtha sa phíosa agus é ina rannpháirtí ann, agus titeann amach de réir cinntí is claonta an duine.

"Taitníonn sé liom go mbíonn teacht ag daoine ar an bhfoirm seo ar gach leibhéal, pé duine a bhíonn i gceist, idir óg agus aosta, ó chian agus ó chóngar. Is féidir do rogha rud a dhéanamh de — machnamh, iniúchadh ar phróisis na fuaime is na físe, nó píosa spraoi amháin."

"Chaith mé tréimhse thar a bheith bisiúil ann. Tugadh aire den chéad scoth dom, pé rud a bhí ag teastáil uaim, bhí Dara agus Aisling ann."

## Teresa Doyle

In recent years, my work has led me to doll-making—each piece a vessel for storytelling. It felt vital for me to connect with the islanders. As part of my residency I wanted to research traditional clothing that the men and women of the Island wore, how it was made,  and to create two dolls in their likeness. Mary McCarthy was a wonderful guide with all her knowledge about these garments and this enabled me to create 'Éanna agus Máire Brigid'.

Visiting the schools, meeting the youth, and hearing their voices became an important part of my time there also. I am truly grateful for this experience. It was a time that nourished both my art and my spirit, leaving me with a renewed sense of purpose and connection that I will carry forward into my work.

Le roinnt blianta anuas dhírigh mé isteach ar bhábóga a dhéanamh — gach ceann acu mar ábhar scéalaíochta. Ar an oileán dom bhraith mé go mba cheart dom nascadh le muintir na háite. Bhí mé ag iarraidh taighde a dhéanamh ar na héadaí traidisiúnta a bhíodh á gcaitheamh ag fir agus mná an oileáin agus ar an gcaoi a ndéantaí iad, agus dhá bhábóg a dhéanamh ina gcosúlacht. Ba chúnamh mór í Mary McCarty dom ó thaobh an méid eolais a bhí aici faoi na héadaí, rud a chuir ar mo chumas 'Éanna agus Máire Brigid' a chruthú.

Ina chuid thábhachtach freisin de mo thréimhse cónaitheachta bhí mo chuairt ar na scoileanna, ag casadh leis an dream óg agus ag éisteacht lena dtuairimí. Táim fíorbhuíoch as an taithí a fuair mé. Ba thréimhse í a chur le mo chuid ealaíne agus le mo spiorad, fuair mé mothú nua cuspóra agus ceangail a thabharfaidh mé liom amach anseo i mo chuid oibre.

# Glaoch Oscailte

Dár nGlaoch Oscailte 2026, fuair Áras Éanna breis agus 300 iarratas ar ár gclár ealaíontóra cónaithe. Sa liosta seo a leanas tá na healaíontóirí a bheidh ag obair linn ar thréimhsí cónaithe an téarma seo.

**John McHugh** — Dealbhóireacht, líníocht.
**Michael McLoughlin** — Líníocht, saothair fuaime, meáin mheasctha.
**Michelle Browne** — Ealaín shóisialta, grianghrafadóireacht, scannánaíocht, suiteáil fuaime, ealaín phoiblí.
**Sinéad McKenna** — Ceol traidisiúnta, amhránaíocht, cumadóireacht.
**Tianjun Li** — Amharc-ealaín, ceol, grianghrafadóireacht, físeán, taibhléiriú, cleachtas pobalbhunaithe.
**Holly McCarney** — Mínealaín, péintéireacht, líníocht, cré, suiteáil, ábhar closamhairc.
**Magda Garre** — Amhránaíocht, ealaín idirdhisciplíneach.
**Finbar McHugh** — Péintéireacht, graifítí, sráidealaín, suiteálacha poiblí.
**Melanie Lynch** — Ealaín, scríbhneoireacht, scannánaíocht, coimeádaíocht, ildisciplíneacht sna healaíona.
**Viola Bittl** — Ealaín theibí, saothair ar pháipéar, péintéireacht.
**Teresa Doyle** —Amharc-ealaín, dealbhóireacht.
**Mary Pat Kelly** — Scríbhneoireacht, scannánaíocht, obair acadúil, scríbhneoireacht stáitse.
**Ella Frances Clayson** — Damhsa comhaimseartha, fuaim-ealaín, cumadóireacht ceoil, taibhléiriú.
**Alannah Robins** — Amharc-ealaín, cleachtas idirdhisciplíneach, coimeádaíocht, suiteáil, dealbhóireacht.
**Dominika Piekarska** — Amharc-ealaín, péintéireacht, léaráidíocht.
**Andrew Hamilton** — Ceol, cumadóireacht.

## Cónaitheachtaí Comhpháirtíochta:

Ba mhaith le hÁras Éanna buíochas a ghabháil leis na heagraíochtaí seo a leanas a n-oibrímid i gcomhar leo chun deis a thabhairt do 15 ealaíontóir bhreise tréimhse chónaithe a dhéanamh ar Inis Oírr:

**Royal Hibernian Academy of Arts**
**Galway Cartoon Festival**
**Galway County Council**
**Galway City Arts**
**Pat Coleman Residency**
**LÁNÚ**
**Creative Places Tuam**
**Galway Dance Project**
**Babaró**
**ISACS**

# Open Call

For our 2026 Open Call Áras Éanna received over 300 applications for our artist in residence programme. The following list comprises the artists who will work with us on residency periods this term.

**John McHugh** — Sculpture, drawing.
**Michael McLoughlin** — Drawing, sound works, mixed media.
**Michelle Browne** — Socially engaged art, photography, film, sound installation, public art.
**Sinéad McKenna** — Traditional Irish music, singing, composition.
**Tianjun Li** — Visual art, music, photography, video, performance, community-based practice.
**Holly McCarney** — Fine art, painting, drawing, clay, installation, audiovisual material.
**Magda Garre** — Singing, songwriting, interdisciplinary art, jazz, vocal improvisation, folk, pop.
**Finbar McHugh** — Painting, graffiti, street art, public installations.
**Melanie Lynch** — Art, writing, filmmaking, curating, multidisciplinary arts.
**Viola Bittl** — Abstract art, works on paper, painting.
**Teresa Doyle** — Visual art, doll making, sculpture.
**Mary Pat Kelly** — Writing, filmmaking, academic work, stage writing.
**Ella Frances Clayson** — Contemporary dance, sound art, electronic music composition, performance.
**Alannah Robins** — Visual art, interdisciplinary practice, curating, installation, film, sculpture.
**Dominika Piekarska** — Visual art, painting, illustration.
**Andrew Hamilton** — Music, composition.

## Partnership Residencies:

Áras Éanna would like to thank the following organisations with whom we work collaboratively to give 15 additional artists the opportunity to undertake a residency period on Inis Oírr:

**Royal Hibernian Academy of Arts**
**Galway Cartoon Festival**
**Galway County Council**
**Galway City Arts**
**Pat Coleman Residency**
**LÁNÚ**
**Creative Places Tuam**
**Galway Dance Project**
**Babaró**
**ISACS**


The Boxcar Preachers
Americana, Jug Band, Bluegrass & Old Timey Country Blues
Aoine 1 Meán Fómhair · Friday 1 September
8.30 p.m. ÁRAS ÉANNA
Liam Ó Maonlaí
8.30pm Dé Sathairn/Saturday
31 Lúnasa/August 2019 · €25/20
Áras Éanna
INIS OÍRR, OILEÁIN ÁRANN
Féile an Phobail
Inis Oírr
12-14 Aibreán 2024
Hot Potato Productions presents
JUST GUFF
Áras Éanna
8pm SATHARN 14 Meán Fómhair/14 September
Séamus Begley & Donogh Hennessey
HALLA INIS OÍRR
Satharn 12 Deireadh Fómhair
Saturday 12 October 2019
PADRAIG STEVENS, SEAMUS RUTTLEDGE, LEO MORAN & PAT QUINN
ÁRAS ÉANNA
8.30in Dé Sathairn 31 Lúnasa
8.30pm Saturday 31 August
Oíche Filíochta, Ceoil & Scéalaíochta
Jon Kenny in éineacht le Catherine Ronan & Ruth Dillon
An evening of Poetry, Music & Story
Jon Kenny & special guests
Catherine Ronan & Ruth Dillon
A BOY ON AN ISLAND
A FILM BY AUGUSTINE MARTIN
Bullaí
Buoys
'Ar an Imeall'
Lásadóirí na Coiribe
'On the Edge'
Corrib Lace-makers
TAISPEÁNTAS/EXHIBITION (11am-4pm) 2-20 Meitheamh/June
Baoithe/Bullaí
Buoys
THE AMADÁN
PÁRAIC BREATHNACH
Áine Tyrrell and Emily Murnane
"Queen of the offbeat"
For the Love of Milseáin
Dráma grinn dátheangach
Áras Éanna
DANGER MONEY
John McManus
Picnic Teaghlaigh
Family Picnic
Áras Éanna, Inis Oírr
3pm Domhnach/Sunday 25/8/19
SAOR IN AISCE/FREE EVENT
Nettle Horse
Little John Nee
Áras Éanna
Pádraig Jack
Áras Éanna
Bodhrán@Áras Éanna
Inis Oírr, Iúil-Lúnasa/July-August
Ag ceiliúradh 21 bliain de Scoil Samhraidh
'CRAICEANN'
The Enchanted
Áras Éanna
Mícheál Darby
Johnny Óg Connolly
Halla Naomh Eoin, INIS MEÁIN
CRIME AND THE CITY SOLUTION
(ACOUSTIC)
Support: JOSHUA MURPHY
Áras Éanna
8.30pm Aoine 10 Bealtaine
Friday 10 May
Dabhach Bhríde
ar bhád go hInis Oírr
Frances Bermingham & Mary Fahy
Dabhach Bhríde
— by boat to Inis Oírr
Pilgrim Exhibition to Áras Éanna
3-23 June 2023
Jon Kenny in CROWMAN by Katie Holly
Áras Éanna, Inis Oírr
Dé Sathairn 24 Lúnasa/Saturday 24 August
8.30pm · €25/20
PÁDRAIG JACK
Áras Éanna
LIAM Ó MAONLAÍ
Áras Éanna, Inis Oírr
THE RAINES
Áras Éanna
THE UNWANTED
Dé Céadaoin 24 Iúil
Wednesday 24 July
8.30pm €20/€15
The Whileaways
Áras Éanna
VIXEN
Áras Éanna
HUP!
Féile an Phobail · Inis Oírr
CURACHA
JULIE FEENEY
LE CORMAC DE BARRA
Áras Éanna
Áras Éanna
Féile Cartún na Gaillimhe
STILL CRAZY AFTER ALL THESE YEARS
THE RAINES
Áras Éanna, Inis Oírr
'CLOCH'
'STONE'
TRAIN TO NOWHERE
TOM PORTMAN & MACIEJ ZAVORONEK
Áras Éanna
PAT QUINN and Friends
Caomhnú an Plassey
Preserving the Plassey
Áras Éanna Gallery 8-26 September
Toibreacha Beannaithe Árann
Holy Wells of Árann

Tá Áras Éanna cláraithe mar charthanas, agus tacaíonn Ealaín na Gaeltachta, an Chomhairle Ealaíon, Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Údarás na Gaeltachta lenár gcuid oibre.

Oibrímid go dian chun rochtain ar dheiseanna ealaíne den scoth a chur ar fáil do phobal Inis Oírr agus Oileáin Árann, chomh maith le healaíontóirí i mbun oibre.

Más mian leat tacú linn, scan an cód QR thíos chun síntiús a thabhairt dúinn.

Áras Éanna is a registered charity whose work is supported by Ealaín na Gaeltachta, the Arts Council, Galway County Council and Údaras na Gaeltachta.

We work hard to provide access to high-quality arts opportunities for the community of Inis Oírr and the Aran Islands, and for working artists.

If you would like to support us please scan the QR code above to donate.

Áras Éanna

Tá Áras Éanna lonnaithe ar Inis Oírr, an t-oileán is lú d'Oileáin Árann. Is é an tIonad Ealaíon is faide siar san Eoraip é. Is spás ealaíne ilfheidhmeach é atá i bhfoirgneamh a dearadh ar dtús mar mhonarcha fíodóireachta. Tá árasán cónaithe agus stiúideonna ealaíontóra ann, amharclann 75 suíochán, dhá ghailearaí, caifé agus seomraí do cheardlanna agus ranganna.

Áras Éanna is Europe's most westerly Arts Centre located on the smallest of the Aran Islands, Inis Oírr. Situated in a former weaving factory, Áras Éanna is a multi-functioning arts space that provides artist residencies and studio spaces, a 75 seat theatre, two galleries, a café and various rooms for workshops and classes.



## TAISTEAL/TRAVEL

Báid/Boat:

*Ros an Mhíl - Inis Oírr*

Aran Island Ferries: 091 568903; www.aranislandferries.com

*Dúlainn - Inis Oírr*

Doolin Ferry Company: 065 707 5555; www.doolinferries.com

Eitléan/*Airplane* Indreabhán/Inis Oírr: Aer Arann: 091 593034, www.aerarannislands.ie

LÓISTÍN/ACCOMMODATION

Íoslódáil an aip nua **Inis Oírr Beo**/Download the new mobile app **Inis Oírr Beo**

www.inisoirrbeo.com

Grianghraif ar an gclúdach tosaigh agus cúil/Front and back cover photos: CORMAC COYNE
Dearadh cláir/Programme design: CAOMHÁN Ó SCOLAÍ